Topaic: An scoil

Fothopaic: Cruinnithe le múinteoirí

Seo tascanna samplacha ranga a d'fhéadfaí a bhunú ar an mír físe ina bhfuil Lára Ní Riain ag labhairt faoi chruinnithe le tuismitheoirí.

Tá an mhír físe agus an téipscript ar an suíomh.

Nóta: Is tascanna **samplacha** ranga atá anseo a léiríonn cad a **d'fhéadfaí** a dhéanamh le grúpa foghlaimeoirí, bunaithe ar an mír físe. Ní **plean ceachta** atá i gceist. Moltar go roghnódh an múinteoir tascanna a bheadh oiriúnach don ghrúpa foghlaimeoirí atá aige/aici agus go gcuirfí na tascanna **in oiriúint** do riachtanais an ghrúpa.

Treoracha don Mhúinteoir

Tasc samplach 1: Tuiscint agus struchtúir

Beidh na foghlaimeoirí ag éisteacht le Lára Ní Riain ag caint faoi chruinnithe le tuismitheoirí. Tá an mhír físe agus an téipscript ar an suíomh.

- Mínigh cé agus cad leis a bheidh siad ag éisteacht.
- Scaip an bhileog 'Cruinnithe le múinteoirí' agus eagraigh an réamhphlé. Ansin cuir na foghlaimeoirí ag obair i bpéirí chun abairtí a chumadh ag baint úsáide as na focail 'coinne', 'cinneadh' agus 'cruinniú'. Ansin seinn an mhír físe cúpla uair agus tabhair seans dóibh díriú ar an gceist tuisceana. Pléigh aon deacrachtaí a bhí acu. Déan cur i láthair beag ar na struchtúir 'An oireann?' agus 'An oirfeadh?' agus na freagraí oiriúnacha. Chun cleachtadh a dhéanamh ar na struchtúir sin, iarr ar na foghlaimeoirí leathanach bán a fháil agus dialann an-gharbh a tharraingt. Iarr orthu imeachtaí éagsúla a scríobh isteach sa dialann i.e. coinní éagsúla, ranganna, imeachtaí, cruinnithe srl. Ansin abair leo go gcaithfidh siad a fháil amach an bhfuil éinne saor le bualadh leo i gcomhair cupán tae nó siúlóid (i) Déardaoin ag 7 p.m. agus (ii) Dé Máirt ag 11 a.m. Caithfidh siad siúl timpeall an ranga agus ceisteanna a chur ar daoine éagsúla i.e. 'An oireann Dé Máirt ag a haondéag duit? Ní oireann, ach oireann Dé hAoine ag a deich. An oirfeadh sé sin duitse? Ní oirfeadh, ach d'oirfeadh Déardaoin ag a seacht' etc.
- Don tasc deireanach, beidh na foghlaimeoirí ag obair i bpéirí chun nóta a scríobh. Cuir béim ar nithe a bhaineann le réim teanga i.e. conas tús agus deireadh a chur leis an nóta, conas a beith béasach etc.

Tasc samplach 2: Rólghníomhaíocht

Cuir gach beirt ag obair le chéile agus abair leo suí os comhair a chéile, amhail is go bhfuil siad ag cruinniú. Bíodh na róil ar na bileoga 'Cruinniú 1: Áine' agus 'Cruinniú 2: Oisín' gearrtha suas agat. Tabhair ról mháthair Áine do Duine A i ngach péire agus tabhair ról mhúinteoir Áine do Dhuine B i ngach péire. Cuir ag obair iad ar an gcruinniú agus éist le cúpla sampla. Ansin, beidh siad ag malartú. Tabhair ról mhúinteoir Oisín do Dhuine A agus tabhair ról mháthair Oisín do Dhuine B agus iarr orthu an cruinniú sin a dhéanamh. Sa tslí sin beidh seans ar ról na máthar agus ar ról an mhúinteora ag gach éinne.

Cruinnithe le múinteoirí

Beidh tú ag éisteacht le múinteoir – Lára Ní Riain – ag labhairt mar gheall ar chruinnithe le tuismitheoirí. Ar dtús pléigh na nithe thíos le do ghrúpa:

- Cén córas atá sa scoil seo maidir le cruinnithe? Pléigh.
- 'Ní leor cruinniú amháin sa bhliain leis an múinteoir'. Pléigh.

Stór focal

Féach ar na focail thíos agus pléigh an difear eatarthu. Le cabhair ó do pháirtí, cuir in abairtí iad.

- Coinne
- Cinneadh
- Cruinniú

Éisteacht

Anois éist le Lára ag caint agus freagair an cheist seo:

> Cad iad na difríochtaí atá idir cumarsáid le tuismitheoirí na naíonán agus tuismitheoirí na bpáistí níos sine, dar le Lára?

Fócas ar theanga

Déan na struchtúir thíos a chleachtadh le do pháirtí. Gheobhaidh tú treoir ón teagascóir!

An oireann?	Oireann / Ní oireann
An oirfeadh?	D'oirfeadh / Ní oirfeadh

Ag socrú cruinniú

Luann Lára na nithe thíos a d'fhéadfadh múinteoir agus tuismitheoir a phlé ag cruinniú. Roghnaigh ceann amháin. Tá tú ag iarraidh cruinniú a eagrú leis an múinteoir chun an rud sin a phlé. Scríobh nóta chuig an múinteoir chun an cruinniú a shocrú. Faigh cabhair ó do pháirtí.

- Iompar
- An chaoi ina bhfuil an páiste ag socrú isteach
- Torthaí

- Deacrachtaí le hobair bhaile
- Aon rud atá ag cur isteach ar an bpáiste
- Fás agus forbairt an pháiste
- Fadhbanna

Nóta:

_____

_____

_____

_____

_____

_____

_____

_____

_____

_____

_____

_____

Cruinniú 1 – Áine

Mamaí Áine

Is tusa Mamaí Áine. Tá duine de na cailíní sa rang gránna le hÁine. Bíonn Áine ag caoineadh agus trína chéile tar éis scoile. Tá sé in am labhairt leis an múinteoir, dar leat! Tá an scéal casta mar go bhfuil aithne an-mhaith ar fad agat ar Mhamaí an chailín…Tá tú ag súil go ndéanfaidh an múinteoir rud éigin faoin bhfadhb seo.

Múinteoir Áine

Is tusa múinteoir Áine. Fuair tú nóta ó Mhamaí Áine. Tá sí buartha faoi Áine. Níl tú cinnte cad a bheidh á phlé…Is cailín an-chiúin agus an-chúthail í Áine – thug tú faoi deara go mbíonn sí léi féin sa chlós uaireanta.

Cruinniú 2 – Oisín

Mamaí Oisín

Is tusa Mamaí Oisín. Fuair tú nóta ó mhúinteoir Oisín! Tá sé ag iarraidh labhairt leat agus tá tú buartha! Tuigeann tú go bhfuil Oisín saghas fiáin ach is buachaillín deas cineálta grámhar é – ní bheadh sé riamh trioblóideach ar scoil.

Múinteoir Oisín

Is tusa múinteoir Oisín. Tá Oisín an-dúshlánach sa rang. Bíonn sé ag caint an t-am ar fad agus ag cur isteach ar an obair. Ní éisteann sé leat riamh. Tá rudaí chomh holc go raibh ort cruinniú a lorg lena Mhamaí. Tuigeann tú go gceapann a Mhamaí gur aingeal é.

Gaeilge do thuismitheoirí. Gaelscoileanna Teo.
Ábhar samplach do ranganna do thuismitheoirí
Sraith 2